Docusign Envelope ID: D3080540-9232-40D6-A6F1-B6907412177B

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 15 Iúil 2024

TG4, Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí leithscéal ó Sheán Ó Cuirreáin. D'fhreastail Róisín Ní Raighne agus Muireann Ní Chíobháin ar zoom agus bhí na comhaltaí eile ar fad i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Mheithimh.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1 Aighneacht Réamh-Bhuiséid:* Dúradh go raibh cruinnithe stocaireachta ag feidhmeannaigh de chuid TG4, i dTeach Laighean ar an 9 Iúil. B'í an teachtaireacht ba mhó ag TG4 ná an gá le cinneadh straitéiseach faoi quantum maoinithe poiblí TG4 agus na buntáistí a bhainfeadh le TG4 a bhogadh thar thréimhse de bhlianta go dtí scála ar chomhchéim le scála S4C. Dúradh gur cuireadh aighneacht Réamh-Bhuiséid TG4 i láthair dóibh agus an bhéim ar ábhar don óige agus ar an tábhacht agus práinn a bhaineann le cur i bhfeidhm Moladh 7.1 ó Thuairisc an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán agus feidhm eagarthóireachta Nuacht TG4 a aistriú ó TG4 go RTÉ.

Docusign Envelope ID: D3080540-9232-40D6-A6F1-B6907412177B

*5.1.2 An Roinn agus Coimisiún na Meán:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur chas sé le Príomhoifigeach Roinn na Meán i mBaile na hAbhann ar an 27 Meitheamh. Cé go raibh sí dearfach agus moltach faoi TG4, ní raibh aon soiléireacht maidir le ceist Nuacht TG4. Dúirt sé gur chuir TG4 in iúl go láidir go raibh cás éigeandála i gceist leis an Nuacht. Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir freisin gur scríobh sé chuig Coimisiún na Meán, ag fiafraí faoi sheasamh CnaM maidir le Nuacht TG4 agus ag léiriú míshástacht TG4 faoin dul chun cinn. Thug CnaM le fios go bhfuil maoiniú TG4 agus maoiniú na Nuachta san áireamh mar thosaíocht ag an gCoimisiún agus go raibh súil acu tuilleadh eolais a chur ar fáil go luath.

*5.1.3 Treoirlínte nua ó Revenue:* Tugadh le fios don Bhord go raibh treoirlínte nua faoi 'determining Employment Status for Taxation Purposes' á gcur i bhfeidhm agus go mbeadh impleachtaí suntasacha i gceist leo seo do TG4 agus don earnáil neamhspleách. Dúradh go raibh Stiúrthóir Airgeadais TG4 ag fiosrú na rialacháin nua le PwC. Chomhairligh PwC nach ceist cánach amháin a bhí anseo agus gur gá do chomhlachtaí léirithe comhairle a fháil ó thaobh impleachtaí dlí na fostaíochta freisin.

**5.2 Coimisiúnú, Eagarthóireacht, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.**

*5.2.1 Fleadh Scannán na Gaillimhe:* Tuairiscíodh gur éirigh go maith le Fleadh Scannán na Gaillimhe. Taispeánadh 5 scannán de chuid TG4 ag an bhféile, ina measc an chéad chraoladh Éireannach de *Kneecap* agus an chéad taispeántas de Cine4, *Fidil Ghorm*
Bhí cruinnithe ag feidhmeannaigh TG4 le heagrais éagsúla le linn na Fleidhe: Coimisiún na Meán, Fís Éireann, SPI agus Animation Ireland agus chas Eagarthóirí Coimisiúnaithe TG4 le dáilitheoirí agus comhlachtaí léirithe mar chuid den mhargadh ag an bhFleadh.

*5.2.2 An Coiste Craoltóireachta Gaeilge:* Dúradh gur in oifigí TG4 i mBaile na hAbhann a tionóladh an cruinniú den Choiste Craoltóireachta Gaeilge a reáchtálann Coimisiún na Meán agus Foras na Gaeilge. Tá ionadaithe ó RTE, TG4, CRAOL, IBI, Léiritheoirí Scáileán na hÉireann, Conradh na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge mar bhaill ar an choiste seo, agus í mar aidhm forbairt agus cur chun cinn ar an méid Gaeilge atá le clos ar na meáin in Éirinn. Ag an

Docusign Envelope ID: D3080540-9232-40D6-A6F1-B6907412177B

chruinniú tugadh eolas maidir leis an Athbhreithniú ar na Meáin Ghaeilge atá beartaithe ag CnaM.

*5.2.3 Comhthionól Ginearálta an EBU:* Tugadh le fios go raibh ionadaithe ó TG4 i láthair ag Comhthionól EBU. Cothaíodh ceangal le craoltóirí Eorpacha agus bhí plé ann ar ábhair maidir le AI, Iriseoireacht & Daonlathas, an chruthaitheacht inár dtionscal agus an European Media Freedom Act. Dúradh go gcuirfeadh oifig an EBU i bParlaimint na hEorpa fáilte roimh ionadaithe ó Bhord TG4 le cuairt a thabhairt ar an bParlaimint.

*5.2.4 Údarás na Gaeltachta:* Thréaslaigh an tArd-Stiúrthóir le comhalta Boird TG4, Siobhán Ní Ghadhra, as a ceapachán mar chathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta.

*5.2.5 Cláracha:* Tugadh le fios go raibh roinnt mhaith athchraolta ar bun le linn an t-samhraidh, agus freisin réimse láidir Spórt Beo, ina measc: Tour de France Beo, Peil na mBan Beo, agus Sacar na mBan Beo. Tosaíodh ag craoladh an dara sraith drámaíochta/grinn Fraincise "Dix Pour Cent/ Call My Agent!" i Mí Iúil freisin.

Dúradh go raibh Cúla4 ag ceiliúradh Lá Breithe SpongeBob SquarePants ar an 14 Iúil. Craoladh eipeasóidí de SpongeBob ceann i ndiaidh a chéile ar feadh 14 uair a chloig leis an lá a cheiliúradh.

*5.2.6 Lucht féachana:* Léiríodh go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh ag TG4 le linn na bliana ach nach mbeadh Mí Iúil éasca de bharr géar-iomaíocht.

**5.3 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

*5.3.1 Foireann:* Dúradh go raibh scéim Intéirneachtaí TG4 2024-2025 líonta agus na daoine nua ag tosú i mí Lúnasa. Deimhníodh go raibh Eagarthóir Margaíochta (Clúdach Saoire Mháithreachais) ceaptha agus folúntais fógartha do Riarthóir Cumarsáide, do Eagarthóir Coimisiúnaithe (Buan), do Bhainisteoir Cruthaitheach (Clúdach Saoire Mháithreachais) agus do Oifigeach Rialachais Chorparáidigh.

*5.3.2 Cruinniú le SIPTU:* Tugadh le fios go raibh cruinniú dearfach le ionadaí SIPTU le déanaí. Tríd is tríd dúradh go raibh baill an cheardchumainn i TG4 an-sásta agus go raibh cúpla pointe le plé leo sa bhfómhar arís.

Docusign Envelope ID: D3080540-9232-40D6-A6F1-B6907412177B

*5.3.3 Togra Eorpach Litearthacht sna Meáin:* Míníodh nár éirigh le iarratas a rinne TG4 i gcomhar le RTVSO (An tSlóivéin) agus BNT (An Bhulgáir) ar maoiniú Eorpach do thogra maidir le Litearthacht sna Meáin i measc daoine óga, cé go raibh an t-iarratas an-ghar don sprioc. Tá súil oibriú leo chun feabhas a chur ar an iarratas do bhabhtaí maoinithe eile.

*5.3.4 Polasaí Meanapás:* Cuireadh an Polasaí Meanapás ar fáil don Bhord mar eolas.

*5.4.5 Spásanna Oibre:* Dúradh go raibh athchóiriú ar bun ar an leabharlann mar spás oifige as seo go deireadh na bliana, le teacht i dtír ar an bhrú mór spáis sa gceannáras.

*5.3.6 Coimisiún na Meán:* Cuireadh Straitéis nua Choimisiún na Meán um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a seoladh le déanaí ar fáil don Bhord agus dúradh go raibh TG4 ag oibriú lena chur i bhfeidhm.

**5.4 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Fidil Ghorm:* Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas le foireann léirithe agus cliar an scannáin *Fidil Ghorm* a fuair a chéad thaispeántas ag Fleadh Scannán na Gaillimhe. Mhol sí caighdeán na h-aisteoireachta agus an léirithe agus thréaslaigh a ngradam leo.

Tugadh aitheantas freisin don scannán *Kneecap* a fuair trí ghradam ag an bhFleadh i mbliana agus do *Iarsmaí na hIarsmalainne*, *Burkitt* agus *Scríofa ins na Réalta*, a bhí ar taispeáint le linn na Fleidhe.

6.2 *Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta:* Tréaslaíodh le Siobhán Ní Ghadhra a ceapachán mar Chathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta.

6.3 *European Media Freedom Act*: Thagair an Cathaoirleach don bhéim a bhí san Acht ar an tábhacht a bhaineann le iolrachas agus neamhspleáchas eagarthóireachta agus dúirt go raibh sí i mbun comhairle a fháil ar cá seasann TG4 ó thaobh an neamhspleachais eagarthóireachta Nuachta. Dúradh freisin, go raibh tagairtí tábhachtacha san Acht faoi leordhóthanacht agus seasmhacht maoinithe do Mheáin Seirbhíse Poiblí (*adequacy and stability of funding*)

Docusign Envelope ID: D3080540-9232-40D6-A6F1-B6907412177B

6.4 Saoire Mháithreachais: Dúirt an Cathaoirleach go raibh uasdátú ar an reachtaíocht i gcomhlacht eile Stáit maidir le Saoire Mháithreachais agus comhaltaí Boird, agus go mbeadh plé ar bun leis an Roinn aici faoi sin.

**7. Cuntais Mhí Mheithimh 2024**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí Mheithimh. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta. Dúradh go mbeadh tuairisc á tabhairt faoi chostais Caipitil ag an chéad chruinniú eile leis an Roinn.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Tuairisc Lucht Féachana**

Tugadh tuairisc ar Lucht Féachana Mhí an Meithimh 2024. Dúradh go raibh an sciar féachana beagán níos airde ná mar a bhí an tráth seo anuraidh, cé go raibh go raibh dian-chomórtas ann le Corn na hEorpa sa Sacar ar chainéil eile.

D'éirigh go maith le cluichí GAA Beo sa chraobh faoi 20. I measc an Chroí Lucht Féachana, bhí tóir ar An Comórtas Peile, ar Vóta 2024 agus ar an sraith Pobal Cois Fharraige.

Ar an Seinnteoir, b'é an Spórt Beo ba mhó féachana, agus mheall eagráin dheireadh na sraithe de Ros na Rún trácht freisin. Ar na meáin shóisialta, bhí tóir mhór ar mhír faoin scannán *Kneecap*.

Léiríodh an fás a bhí tagtha ar lucht féachana Cúla4 ar an seinnteoir, méadú 45% i Meán Fómhair 2023 agus lean an méadú sin 13% eile ó Eanáir go Meitheamh 2024.

**9. Straitéis Inbhuanaitheachta - Gaeilge, Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (GESG)**

Thug an Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna achoimre ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh le Straitéis GESG a chur i bhfeidhm, faoi stiúir na comhlachta Corcimpact.

Dúradh go raibh Straitéis um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht foilsithe ag Coimisiún na Meán le cúpla seachtain

Docusign Envelope ID: D3080540-9232-40D6-A6F1-B6907412177B

anuas agus go raibh TG4 ag déanamh athbhreithniú ar a gcuid cleachtais le luí isteach leis sin.

**10. Riarachán Boird**

10. 1 Téarmaí Tagartha an Bhoird: tugadh aiseolas don bhord ó DHKN maidir le na Téarmaí Tagartha, agus moltaí dá réir. Dúradh go mbeadh seo le cur faoi bhráid dhlídóir TG4 le deimhniú go raibh sé ag teacht leis an reachtaíocht.

**11. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó sa bhreis.

**12. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó sa bhreis.

**13. Léargas Seachtrach: Sceideal TG4.**

Thug Bainisteoir Sceidil TG4 cuntas don Bhord ar struchtúr an sceidil, agus ar na patrúin lucht féachana.

**14. Lón leis an gComhairle Lucht Féachana.**

**Críoch**

*Síniú* DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair
1915C3940044407...

*Dáta* 7.2.2025